



Cuntas Leithreasa 2012

Vóta 3

Oifig an Ard-Aighne

Réamhrá

Mar an Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 3, is gá dom an Cuntas Leithreasaithe a ullmhú gach bliain don Vóta agus an Cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste lena inniúchadh.

I dtaca leis an riachtanas seo, tá cuntas ullmhaithe agus ceangailte agam leis seo ar an méid a caitheadh sa bhliain dár chríoch 31 Nollaig 2012 ar thuarastail agus ar chostais Oifig an Ard-Aighne, lena n-áirítear deontas i gcabhair.

Cuirtear toradh an chaiteachais i gcomparáid leis na suimeanna a dheonaigh Dáil Éireann faoin Acht Leithreasaithe 2012, lena n-áirítear an méid caiteachais don bhliain a bheadh inúsáidte mar leithreasáí i gcabhair.

Is cuid den Chuntas seo iad an Ráiteas ar Bheartais agus Phrionsabail Chuntasaíochta agus na nótaí 1 go 6.

Ráiteas ar Bheartais agus Phrionsabail Chuntasaíochta

Feidhmíodh na beartais agus na prionsabail chuntasaíochta chaighdeánacha maidir le táirgeadh Cuntas Leithreasaithe nuair a bhí an Cuntas á ullmhú.

Ráiteas faoi Rialú Inmheánach Airgeadais

Freagracht don Chóras Rialaithe Airgeadais Inmheánach

Mar Oifigeach Cuntasaíochta, aithním an fhreagracht atá agam as cinntiú go ndéantar córas éifeachtach rialaithe airgeadais inmheánaigh a chothabháil agus a fheidmiú ag an Roinn.

Déantar an fhreagracht seo a chleachtadh i gcomhthéacs na n-acmhainní sin atá ar fáil dom féin agus i gcomhthéacs mo chuid dualgas féin mar Ard-Stiúrthóir. Freisin, ní féidir le haon chóras rialaithe airgeadais inmheánaigh ach ráthaíocht réasúnta seachas dearbhráthaíocht go bhfuil sócmhainní cumhdaithe, idirbhearta údaraithe agus taifeadta go cuí, agus go ndéantar earráidí ábhartha nó mírialtachtaí eile cé acu a chosc nó go ndéanfaí iad a aimsiú go tráthúil. Is próiseas leanúnach é an córas rialuithe airgeadais inmheánacha a chothabháil agus bíonn an córas agus a éifeachtúlacht faoi athbhreithniú a leanann ar aghaidh.

Timpeallacht Rialaithe Airgeadais

Deimhním go bhfuil timpeallacht rialaithe i bhfeidhm a bhfuil mar chuid di na heilimintí seo a leanas:

- sannadh freagrachtaí airgeadais ag leibhéal bainistíochta le cuntasacht chomhfhreagrach
- bunaíodh socrúithe tuairiscithe ag gach leibhéal mar ar sannadh an fhreagracht do bhainistiú airgeadais
- bunaíodh gnáthaimh fhoirmeálta do thuirisciú teipeanna suntasacha rialaithe agus do chinntiú gníomhaíochta ceartaithí cuí
- is ann do Choiste Iniúchta le comhairle a thabhairt dom maidir le comhlíonadh mo chuid freagrachtaí don chóras rialaithe airgeadais inmheánaigh

Rialuithe Riaracháin agus Tuairisciú Bainistithe

Deimhním go bhfuil creatlach gnáthamh riaracháin agus tuairisciú rialta bainistithe i bhfeidhm, lena n-áirítear deighilt na ndualgas agus córas tarmलगin agus cuntasachta agus, go háirithe, gurb ann dóibh seo a leanas

- córas buiséadaithe cuí le buiséad bliantúil a choinnítear faoi athbhreithniú ag lucht bainistithe sinsearach
- athbhreithnithe rialta ag lucht bainistithe sinsearach a léiríonn feidhmíocht airgeadais i gcomparáid le tuartha
- córas bainistithe riosca ag feidhmiú laistigh den Oifig
- córais atá dírithe ar chinntiú shlándáil na gcóras TEC
- treoirlínte cuí rialaithe infheistíochta caipitil agus disciplíní bainistithe tionscadail fhoirmeálta
- comhlíonann an Roinn gach treoirlíne ábhartha a bhaineann le soláthar agus í ag cloí le gach ciorclán a bhaineann le húsáid éigeantach na gcreatchomhaontuithe agus na gcreatchonarthaí.

Iniúchadh Inmheánach agus Coiste Iniúchta

Deimhním go bhfuil feidhm iniúchta inmheánach ag an Oifig le pearsanra atá oilte go cuí, a fheidhmíonn de réir cairte scríofa atá faofa agam. Téann anailís de na rioscaí airgeadais sin atá os comhair na Oifige i bhfeidhm ar a cuid oibre agus tá a cuid pleananna bliantúla iniúchta inmheánaigh, atá faofa agam féin, bunaithe ar an anailís seo. Tá sé d'aidhm ag na pleananna seo na príomhrialuithe a chlúdach ar bhonn atrátha thar thréimhse réasúnta. Déantar an fheidhm inmheánach iniúchta a athbhreithniú ó am go chéile agam féin agus ag an gCoiste Iniúchta. Tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm agam le cinntiú go ndéantar tuairiscí na feidhme iniúchta inmheánaigh a athleanúint.

Liam Ó Dálaigh

Oifigeach Cuntasaíochta
Oifig an Ard-Aighne

6 Meán Fómhair 2013

Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste Tuairisc le cur faoi bhráid Tithe an Oireachtais

Vóta 3 Oifig an Ard-Aighne

Tá iniúchadh déanta agam ar an gcuntas leithghabhála do Vóta 3 Oifig an Ard-Aighne don bhliain dar deireadh 31 Nollaig 2012 faoi alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993. Ullmhaíodh an cuntas san fhoirm a forordaíodh ag an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, de réir na mbeartas cuntasáiochta caighdeánacha agus na bprionsabal do chuntais leithghabhála

Freagracht an Oifigh Chuntasaíochta

De réir Ailt 22 an Achta um Ranna Státchiste agus Iniúchta 1866, tá iachall ar an Oifigeach Cuntasaíochta an cuntas leithghabhála a ullmhú. De réir an dlí, ní mór an cuntas a chur faoi mhórbhráid faoi 31 Márta tar éis deireadh na bliana cuntais.

Tá an tOifigeach Cuntasaíochta freagrach freisin as cumhdach na gcistí poiblí agus na réadmhaoine sin atá faoina smacht, as an éifeachtacht agus as an mbarainneacht riaracháin ina hOifig agus as rialtacht agus geanas gach idirbhirt sna cuntais leithreasa.

Freagracht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Tá iachall orm faoi Alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993 iniúchadh a dhéanamh ar chuntais leithghabhála gach Vóta agus na tástálacha sin a chur i gcrích a measaim iad a bheith cuí do chuspóir an iniúchta.

Tar éis críochnú iniúchadh cuntais leithghabhála, tá iachall orm teastas a sholáthar a dhearbhaíonn más amhlaidh, i mo thuairim féin, go léiríonn an cuntas go cuí na fáiltais agus an caiteachas a bhaineann leis an Vóta. Tá iachall orm freisin tagairt a dhéanamh d'aon chás ábhartha mar:

- ar theip ar roinn nó ar oifig caiteachas a chur i bhfeidhm a taifeadadh sa chuntas do na cuspóirí a bhí i gceist leis na leithreasuithe a rinneadh ag an Oireachtas, nó
- nach gcloíonn na hidirbhearta a taifeadadh sa chuntas ag cloí leis an údarás faoina maíonn siad a bheith curtha i gcrích.

Faoi Alt 3 (10) d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993, tá iachall orm tuarascáil a ullmhú gach bliain, faoi aon cheisteanna a eascraíonn as m'iniúchadh ar an gcuntas leithghabhála.

Scóip an iniúchta

Cuimsíonn iniúchadh scrúdú, ar bhonn tástála, fianaise a bhaineann le hábhar do shuimeanna agus rialtacht na n-idirbheart airgeadais sin atá san áireamh sa chuntas agus measúnú maidir le ar comhlíonadh forálacha cuntasaíochta na *nGnáthamh Airgeadais Phoiblí*.

Tá i gceist leis an iniúchadh dóthain fianaise a fháil le ráthaíocht réasúnta a sholáthar go bhfuil an cuntas leithghabhála saor ó mhíráiteas ábhartha, cibé acu mar gheall ar chaimiléireacht nó mírialtacht nó earráid eile. Déanaim iarracht freisin fianaise a fháil faoi rialtacht na n-idirbheart airgeadais le linn an iniúchta. Agus an tuairim iniúchta á cur in iúl, déantar measúnú faoi leordhóthanacht iomlán chur i láthair na faisnéise sa chuntas leithghabhála.

Tuairim faoin gcuntas leithghabhála

I mo thuairimse, léiríonn an cuntas leithghabhála go cuí fáltais agus caiteachas Vóta 3 Oifig an Ard-Aighne don bhliain dar deireadh 31 Nollaig 2012.

Tá an fhaisnéis agus na míniúcháin ar fad faighte agam a measaim iad a bheith riachtanach do chuspóirí m'iniúchta. I mo thuairimse, coimeádadh leabhair chuí chuntais ag an Oifig. Réitíonn an cuntas leithghabhála leis na leabhair chuntais.

Seamus MacCárthaigh
Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste

9 Meán Fómhair 2013

Vóta 3 Oifig an Ard-Aighne

Cuntas Leithreasa 2012

		2012		2011
		Soláthar measta	Toradh	Toradh
		€000	€000	€000
Caiteachas cláir				
A	Seachadadh seirbhísí gairmiúla dlí don Rialtas, do Ranna agus d'Oifigí	15,785	14,271	14,056
Ollchaiteachas		15,785	14,271	14,056
<i>Asbhain:</i>				
B	Leithreasáí-i-gcabhair	788	820	778
Glanchaiteachas		14,997	13,451	13,278

Farasbarr don ghéilliúint

Tá farasbarr na suime a soláthraíodh le hais na glansuime faoi dhliteanas don ghéilliúint don Stáitchiste.

	2012	2011
	€	€
Farasbarr le tabhairt suas	1,546,375	1,082,325

Anailís an chaiteachais riaracháin

		2012		2011
		Soláthar	Toradh	Toradh
		measta		
		€000	€000	€000
i	Tuarastail, pá agus liúntais	10,929	10,094	9,995
ii	Taisteal agus cothú	120	107	98
iii	Oiliúint agus forbairt agus costais theagmhasacha	660	573	584
iv	Seirbhísí poist agus teileachumarsáide	100	64	79
v	Trealamh oifige agus seirbhísí IT seachtracha	557	480	491
vi	Costais áitreabh oifige	203	273	170
vii	Seirbhísí comhairleoireachta agus athbhreithnithe ar an luach ar airgead agus ar pholasaithe	20	17	4
viii	Saineolas dlí conarthach	765	376	487
		13,354	11,984	11,908

Nótaí leis an gCuntas Leithreasa

1 Ráiteas faoi Chostas Oibriúcháin 2012

	2012	2011
	€000	€000
Caiteachas cláir	2,287	2,148
Pá	10,094	9,995
Neamhpá	1,890	1,913
Ollchaiteachas	14,271	14,056
<i>Asbhain</i>		
Leithreasáí-i-gcabhair	820	778
Glanchaiteachas	13,451	13,278
Athruithe sna sócmhainní caipitiúla		
Airgead ar cheannacháin	(220)	
Dímheas	223	
Cailiteanas ar dhiúscairtí	1	
	4	168
Athruithe i sócmhainní faoi fhorbairt		
Íocaíochtaí airgid thirim	(14)	(39)
Athruithe i nglansócmhainní reatha		
Meadú ar fhabhrúithe deiridh	(18)	
Meadú ar stoc	1	
	(17)	17
Caiteachas díreach	13,424	13,424
Caiteachas a tabhaíodh in áit eile		
Caiteachas ar ghlansheirbhísí gaolmhara (Nóta 1.1)	1,175	2,027
Cíosanna barúlacha	556	560
Costas glan cláir	15,155	16,011

1.1 Caiteachas ar ghlansheirbhísí gaolmhara

Tá an méid caiteachais ar ghlansheirbhísí gaolmhara comhdhéanta de na méideanna measta seo a leanas faoi Vóta 3, atá mar mhuirear áit eile.

	2012	2011
	€000	€000
Vóta 7 Oifig an Aire Airgeadais	42	54
Vóta 12 Pinsean agus Liúntais Scoir	516	950
Vóta 13 Oifig na nOibreacha Poiblí	191	313
Vóta 20 Garda Síochána	—	64
Lárchiste - Pinsin maidir leis an iarArd-Aighne agus baintreach an iarArd-Aighne	426	646
	1,175	2,027

2 Clár Comhardaithe ag 31 Nollaig 2012

	Nóta	2012 €000	2011 €000
Sócmhainní caipitiúla	2.3	496	500
Sócmhainní caipitiúla faoi fhorbairt	2.4	53	39
		549	539
Sócmhainní reatha			
Stoic	2.6	29	30
Réamhíocaíochtaí		206	207
Ioncam fabhraithe		19	5
Iarmhéideanna dochair eile	2.7	290	168
Iomlán sócmhainní reatha		544	410
Lúide dliteanais reatha			
Banc agus airgead tirim	2.5	264	(388)
Costais fhabhraithe		31	36
Iarmhéideanna sochair eile	2.8	66	311
Glandliteanas don Státhchiste	2.9	(40)	245
Iomlán dliteanas reatha		321	204
Glansócmhainní reatha		223	206
Glansócmhainní		772	745
Léirithe ag:			
Cuntas maoiniú Stáit	2.1	772	745

2.1 Cuntas maoiniú Stáit	Nóta	2012 €000	2011 €000
Iarmhéid ag 1 Eanáir		745	891
Maoiniú tarraingthe síos	2.2	14,626	15,305
Caiteachas neamh-airgid - measchíosanna	1	556	560
Costas glan cláir	1	(15,155)	(16,011)
Iarmhéid ag 31 Nollaig		772	745

2.2 Maoiniú tarraingthe síos	Nóta	2012 €000	2011 €000
Eisíocaíochtaí as an vóta			
Suim soláthraithe sa mheastachán	Cuntas	14,997	14,360
Farasbarr le tabhairt suas	Cuntas	(1,546)	(1,082)
		13,451	13,278
Caiteachas (airgead tirim) a tabhaíodh in áit eile	1	1,175	2,027
Maoiniú iomlán tarraingthe síos		14,626	15,305

2.3 Sócmhainní Caipitiúla

	Trealamh oifige €000	Troscán agus feistis €000	Iomlán €000
Ollsócmhainní			
Costas nó luacháil ag 1 Eanáir 2012	4,350	1,599	5,949
Breiseanna	100	120	220
Diúscairtí	(130)	(37)	(167)
Traschuir	(19)	—	(19)
Costas nó luacháil ag 31 Nollaig 2012	<u>4,301</u>	<u>1,682</u>	<u>5,983</u>
Dímheas carntha			
Iarmhéid tosaigh ag 1 Eanáir 2012	4,077	1,372	5,449
Dímheas don bhliain	157	66	223
Dímheas ar dhiúscairtí	(130)	(36)	(166)
Dímheas ar thraschuir	(19)	—	(19)
Dímheas carntha ag 31 Nollaig 2012	<u>4,085</u>	<u>1,402</u>	<u>5,487</u>
Glansócmhainní ag 31 Nollaig 2012	<u>216</u>	<u>280</u>	<u>496</u>
Glansócmhainní ag 31 Nollaig 2011	<u>273</u>	<u>227</u>	<u>500</u>

2.4 Sócmhainní Caipitiúla Faoi Fhorbairt

ag 31 Nollaig 2012

	Ríomh-Fheidhmeanna Intí 2012 €000
Iarmhéid tosaigh ag 1 Eanáir	39
Íocaíochtaí airgid thirim don bhliain	<u>14</u>
Iarmhéid ag 31 Nollaig	<u>53</u>

2.5 Banc agus Airgead Tirim

ag 31 Nollaig

	2012 €000	2011 €000
Iarmhéideanna agus airgead OPG	(264)	450
Orduithe amuigh	—	(62)
	<u>(264)</u>	<u>388</u>

2.6 Stoic

ag 31 Nollaig

	2012 €000	2011 €000
Stáiseanóireacht	19	5
Tomhaltáin TF	10	25
	<u>29</u>	<u>30</u>

2.7 Iarmhéideanna Dochair Eile	2012	2011
ag 31 Nollaig	€000	€000
Oifig na nOibreacha Poiblí	40	120
Comhchostais fhorchúiteacha	5	—
Cuntas Rialaithe Tuarastail	194	—
Scéim Pas Taistil	49	—
Ilghnéitheach	2	48
	<u>290</u>	<u>168</u>

2.8 Iarmhéideanna Dochair Eile	2012	2011
ag 31 Nollaig	€000	€000
Méideanna dlíte don Stát		
Cáin Ioncaim	—	197
Árachas Sóisialach Pá Choibhneasta	(1)	73
Ranníocaíochtaí pinsin	—	(43)
Cáin Iarchoimeádach do Sheirbhísí Gairmiúla	11	15
Cáin Bhreisluacha	56	43
	<u>66</u>	<u>285</u>
Asbhaintí párolla coinnithe ar fionraí	—	26
	<u>66</u>	<u>311</u>

2.9 Glandliteanas don Státchiste	2012	2011
ag 31 Nollaig	€000	€000
Barrachas le géilleadh	1,546	1,082
Deontas Státchiste neamhtarraingthe	(1,586)	(837)
Glandliteanas don Státchiste	<u>(40)</u>	<u>245</u>

Léirithe mar:

Féichiúnaithe		
Iarmhéideanna dochair: fionraí	<u>290</u>	<u>168</u>
	290	168
Creidiúnaithe		
Banc agus airgead tirim		
Dlíte don Stát	(264)	388
Iarmhéideanna sochair: fionraí	(66)	(285)
Credit balances: suspense	—	(26)
	<u>(330)</u>	<u>77</u>
	(40)	245

2.10 Gealltanais	2012	2011
ag 31 Nollaig	€000	€000
Iomlán na ngealltanais infhorghníomhaithe le dlí	91	266

3 Caiteachas Cláir réir fo-mhírcheann

	2012		2011
	Soláthar measta	Toradh	Toradh
	€000	€000	€000
A Seachadadh seirbhísí gairmiúla dlí don Rialtas, do Ranna agus d'Oifigí			
A.1 Riarachán - pá	10,929	10,094	9,995
A.2 Riarachán - neamhphá	2,425	1,890	1,913
A.3 Síntiúis d'Eagrais Idirnáisiúnta	39	39	—
A.4 An Coimisiún um Athchóiriú an Dlí (deontas-i-gcabhair)	2,342	2,218	2,132
A.5 Costais ghinearálta dlí	50	30	16
	<u>15,785</u>	<u>14,271</u>	<u>14,056</u>

Athruithe suntasacha

Tríd is tríd, bhí an caiteachas i ndáil leis an gClár A €1,514,000 níos ísle ná mar a fhoráileadh. Bhí sé seo den chuid is mó mar gheall ar an méid seo a leanas:

Cur síos	Níos lú/(mó) ná a foráladh €000	Míniú
Riarachán - pá	835	Mar gheall ar an líon suntasach iarrthóirí a bhí ag cur iarratais isteach, thóg an dá chomórtas earcaíochta níos faide le cur i gcrích ná mar a bhíodas ag súil leis, agus mar sin de tharla teacht (agus íocaíocht) iontrálaithe nua níos déanaí sa bhliain ná mar a ndearnadh buiséadú dó an chéad lá riamh agus as sin a d'eascair mórchuid an choigiltis. Ina theannta sin, aistríodh ball sinsearach den fhoireann ón Oifig go luath i 2012, agus bhí de thoradh air sin coigilteas i dtaca lena dtuarastal buiséadaithe ar fud chuid eile na bliana.
Saineolas dlí conarthach	389	Baineadh coigilteas amach ós rud é nár líonadh folúntais bhreise fhaofa d'Abhcóidí Parlaiminteacha comhairleacha i 2012.

4 Fáltais

4.1 Leithreasáí-i-gcabhair	2012		2011
	Measta	Faighte	Faighte
	€000	€000	€000
1. Ilghnéitheach	8	83	14
2. Fáltais de bharr asbhaintí pinsean-ghaolmhara as luach saothair na seirbhíse poiblí	780	737	764
Iomlán	788	820	778

Clúdaíonn an tsuim ilghnéitheach méid de €79,359 a d'aisíoc an Coimisiún um Athchóiriú an Dlí i leith fhorhreasúnú tidlíochtaí cnapshuime agus pinsin na foirne a d'éirigh as i rith na bliana.

Míniú ar athruithe suntasacha

Tugtar míniú thíos maidir le gach teideal a raibh an toradh a bhain leis breis is €100,000 níos mó nó níos lú ná an tsuim a soláthraíodh agus breis is 5% amach ón tsuim a soláthraíodh. Thairis sin, níor chomhlíon aon táirgeacht sa Vóta seo na critéir sa bhliain 2012.

5 Líon Fostaithe agus Pá

	2012	2011
Líon foirne ag deireadh na bliana (coibhéisigh lánaimseartha)	150	141
	2012	2011
	€000	€000
Pá	9,329	9,276
Liúntais i leith dualgais arda, speisialta nó bhreise	102	100
Ragobair	1	2
ÁSPC Fostóra	662	617
Pá Iomlán	10,094	9,995

5.1 Liúntais agus Íocaíochtaí Ragoibre

	Líon faighteoirí	Faighteoirí de €10,000 nó níos mó	Uasíocaíocht aonair 2012 €	Uasíocaíocht aonair 2011 €
Dualgais arda, speisialta nó bhreise	20	5	30,002	24,310
Ragobair agus freastal breise	3	—	373	420

Fuair duine amháin luach saothair breise i níos mó ná catagóir amháin.

6 Ilghnéitheach

6.1 Díscríobh

Thug an Roinn Caiteachais agus Athchóirithe Phoiblí faomhadh chun iarmhéideanna cuntas fionraí stairiúla de mhéid iomlán €2,249 a dhíscríobh.